AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD03

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Déanann na daltaí iniúchadh ar roinnt de na hainmhithe agus plandaí i ngnáthóg áitiúil agus aithníonn siad iad. Déantar slabhra bia ón ngnáthóg a léiriú i móibíl a dhéanann na daltaí sa rang agus crochann siad sa rang í nó sa bhaile.

Cuspóirí
Ag múineadh faoi shlabhraí bia, an comhspleáchas a bhíonn idir plandaí agus ainmhithe i ngach gnáthóg agus an ról ríthábhachtach a bhíonn le fuinneamh ón ngrian.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Aithin na hidirchaidrimh agus an t-idirspleáchas idir plandaí agus ainmhithe i ngnáthóga áitiúla agus eile.

Amharcealaíona – Ag tarraingt, ag péintéireacht agus ag dathú; Tógáil.

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint, ag tarraingt, ag dathú, ag dearadh.

Am
30 nóiméad chun taighde a dhéanamh ar an slabhra bia; 40-50 nóiméad chun an móibíl a dhéanamh.

Nascadh le Scoileanna Glasa
An tábhacht a bhaineann le plandaí inár imshaol, Ealaín imshaoil

Cé a itheann cé?

DÉAN MÓIBÍL DE SHLABHRA BIA

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Gloine formhéadúcháin
- Pútair chun feithidí beaga a bhailiú (féach www.blackrock-edu.ie)
- Gnáthóg le staidéar a dhéanamh uirthi (crann, talamh bán, carnán lomáin)
- Eochracha aitheantais
- Páipéar A3
- Pinn luaidhe daite
- Grianghraif nó líníochtaí de phlandaí agus d'ainmhithe cuí
- Crochadáin chótaí
- Corda



CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Mínigh do na daltaí go bhfaigheann gach ní atá beo a gcuid fuinnimh ón ngrian. Teastaíonn an ghrian ó gach planda chun maireachtáil agus fás agus itheann gach ainmhí plandaí nó ainmhithe eile a d'ith plandaí. Mar shampla, ithimid calóga arbhair, atá déanta as arbhar as páirc agus a mbíonn an ghrian riachtanach chun go bhfásfaidh sé.

2 Tá daltaí chun slabhraí bia a chuardú ina ngnáthóg, áit a seoltar fuinneamh mar bhia ó speiceas amháin go dtí speiceas eile, agus is ón ngrian a thagann an fuinneamh uile.

3 Pléigh an smaoineamh maidir le slabhra bia ar dtús sula ndéantar an t-iniúchadh ar an ngnáthóg. D'fhéadfaí samplaí de roinnt slabhraí bia a chur i láthair sula ndéantar an staidéar.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD03

leanúint →

Carnán Lomáin → An Ghrian → Crann → Adhmad/duilleoga marbha → Cláirseacha → Spideog
Crann An Ghrian → Duilleoga → Ciaróga → Lon dubh
Talamh Bán/Féarach An Ghrian → Cam an ime → Trá
Coillearnach → An Ghrian → Planda → Síolta → Luch → Ulchabhán

4 Roghnaigh gnáthóg gar duit nó ar thalamh na scoile chun staidéar a dhéanamh ann – crann, carnán lomáin, lochán, talamh bán, gairdín fiadhúlra, coill nó abhainn nó páirc branair.

5 Roinn an rang i ngrúpaí agus bíodh gloine formhéadúcháin, pútair, páipéar nótaí agus eochracha aitheantais ag gach grúpa.

6 Abair leis an rang go mbeidh siad ag cuardú plandaí agus ainmhithe éagsúla a mhaireann sna gnáthóga a bhíonn roghnaithe.

7 Ba chóir do dhaltaí foinsí éagsúla bia a chuardú freisin. Cad a theastaíonn ó na plandaí chun fás? Cé a itheann na plandaí? Cé na hainmhithe a itheann ainmhithe eile?

8 Ag brath ar choinníollacha aimsire, is féidir na hainmhithe sin a aithint ag an ionad nó sa seomra ranga.

9 Roghnaigh slabhra bia amháin ó do ghnáthóg áitiúil roghnaithe chun móibíl a dhéanamh.

10 Tabhair leathanach A3 do gach dalta agus iarr orthu plandaí agus ainmhithe éagsúla a tharraingt ina slabhra bia.

11 Gearr amach cruthanna na n-ainmhithe éagsúla agus croch iad le píosaí corda ó chrochadán cótaí nó i líne ionas go mbeidh siad ag iompú i dtreo a chéile.

Ar aghaidh leat

1 Labhair faoi ghnáthóga éagsúla in Éirinn agus sa domhan sa seomra ranga. Faigh grúpaí éagsúla páistí chun móibíl a dhéanamh a sheasfaidh do gach gnáthóg, ar nós lochán carraige, portach nó moing, móinéar, lochán, abhainn, páirc uirbeach, foraois dharach, sliabh, an Ciorcal Artach, fásach, sceir chóiréil, foraois bháistí agus foraois shíorghlas.